



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

**An Chéad Tuarascáil Bhliantúil maidir le
Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil:
An Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta de
chuid na hÉireann maidir le cur chun feidhme
UNSCR 1325 agus rúin ghaolmhara 2019-2024**

Mí Eanáir 2021

An Clár Ábhar

Brollach	3
1. Cúlra agus Comhthéacs	5
2. Baill an Ghrúpa Maoirseachta	7
3. Gníomhaíochtaí MSS na hÉireann Mí Iúil 2019 – Mí an Mheithimh 2020	11
<i>Colún 1: Cosc</i>	12
<i>Colún 2: Rannpháirtíocht</i>	16
<i>Colún 3: Cosaint</i>	19
<i>Colún 4: Cur Chun Cinn</i>	23
4. COVID-19	27
5. Tíortha Fócais	32
<i>Deisceart na hAfraice</i>	32
<i>An Afraic Thiar</i>	33
<i>An tAontas Afracach</i>	36
<i>An Meánoirthear</i>	37
6. Cás-Staidéir – Cur Chun Feidhme Intíre Chlár Oibre MSS	38
<i>Oibríocht Faoiseamh</i>	38
<i>An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint</i>	42
7. Conclúid	46
Iarscríbhinn 1 – Creat Monatóireachta Soilse Tráchtá	48

Brollach

An tUasal Simon Coveney, T.D., an tAire Gnóthaí Eachtracha

Fáiltím roimh chur i gcrích na chéad Tuarascála Bliantúla ar an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta (PGN) de chuid na hÉireann maidir le Cur Chun Feidhme rún (UNSCR) 1325 ó Chomhairle Slándála na NA agus rún ghaolmhara maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (MSS).



Tá Éire ina habhcóide tiomanta do chlár oibre MSS agus tá aitheantas idirnáisiúnta faighte ag ár dtríú PGN as an

gcuimsitheacht a chinntiú le linn a forbartha ach ina cur chun feidhme freisin. Tuigimid go hiomlán an tionchar díréireach is féidir a bheith ag coinbhleacht ar mhná agus ar chailíní agus ar an luach a bhaineann le rannpháirtíocht na mban agus na gcailíní i gcothú na síochána agus i réiteach coinbhleachtaí mar bhealach chun síocháin inbhuanaithe a fhorbairt. Trí thríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann, tá súil againn gur féidir le hÉire a bheith mar cheannródaí maidir le Clár Oibre MSS a chur chun feidhme agus a chur chun cinn sa bhaile agus go hidirnáisiúnta.

Is príomhthosaíocht d'Éirinn é MSS mar bhall de Chomhairle Slándála na NA don téarma 2021-2022. Táimid bródúil as fónamh mar chomhchathaoirleach, in éineacht le Meicsiceo, ar Ghrúpa Saineolaithe Neamhfhoirmiúla na Comhairle Slándála (IEG) maidir le MSS. Tacóimid le príomhshruthú na hanailíse inscne ar fud obair na Náisiún Aontaithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar thiománaithe na coinbhleachta – lena n-áirítear neamhionannas inscne – chomh maith le guth ríthábhachtach na mban i réiteach coinbhleachtaí agus i gcothú na síochána.

Cé gur príomhghné de bheartas eachtrach na hÉireann agus dár n-idirghabhálacha ar an ardán idirnáisiúnta é MSS, tá ár n-inchreidteacht ar an gceist seo nasctha lenár gcumas MSS a sheachadadh thar obair an Rialtais ar fad. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh dom forléargas na tuarascála seo ar chur chun feidhme an tríú PGN go dtí seo, agus ar chur san áireamh na gcás-staidéar ina dtugtar breac-chuntas ar an obair luachmhar atá ar siúl ar an gclár oibre seo go hidirnáisiúnta agus sa bhaile araon. Cabhróidh sé linn na háiteanna ina bhfuilimid ag feidhmiú go láidir a aithint agus is féidir linn ceachtanna a roinnt lenár gcomhpháirtithe, chomh maith le réimsí a dteastaíonn níos mó airde agus acmhainní uathu. Dhá scór bliain ar aghaidh ó ghlacadh UNSCR 1325, a bhris foras nua chun clár oibre MSS a bhunú, ní mór dúinn a chinntiú go seachadann Éire, in éineacht lena comhpháirtithe idirnáisiúnta, a fís urghnách.

Simon Coveney, T.D,

Aire Gnóthaí Eachtracha

An tUasal Nora Owen, An Cathaoirleach Neamhspleách, An Grúpa Maoirseachta don Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta



Mar chathaoirleach ar an nGrúpa Maoirseachta, tá lúcháir orm fáilte a chur roimh an Tuarascáil Bhliantúil seo ar an tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta de chuid na hÉireann maidir le MSS. Leagtar béim sa tuarascáil ar an obair a rinne Rialtas na hÉireann agus a chomhpháirtithe chun clár oibre MSS a chur chun cinn agus é a chur chun feidhme go praiticiúil ar an talamh.

Is maith is eol dom na dúshláin atá tagtha chun cinn maidir leis an PGN a chur chun feidhme ó seoladh é i mí an

Mheithimh 2019. Go háirithe, mar gheall ar theacht chun cinn gan choinne phaindéim COVID-19, bhí orainn bealaí nua oibre a aimsiú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as spásanna cruinnithe fíorúla chun ár gcrúinnithe ráithiúla a dhéanamh agus teagmháil rialta a choinneáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme PGN.

Tá líon cothrom ionadaithe ó Ranna Rialtais nó ó ghníomhaireachtaí reachtúla sa Ghrúpa Maoirseachta, agus ón tsochaí shibhialta agus ón saol acadúil, dream a bhfuil taithí agus saineolas ábhartha acu i réimse MSS. Mar Chathaoirleach, aithním a thábhachtaí atá sé raon guthanna a bheith ann ó chúlraí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil gníomhartha atá á ndéanamh chun cuspóirí an PGN a bhaint amach cuimsitheach agus cuí. Tar éis Rialtas nua a bhunú agus feidhmeanna a aistriú ón Roinn Dlí agus Cirt chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY), cuireamar fáilte roimh ionadaí ón Roinn deiridh sin ar an nGrúpa Maoirseachta i R4 2020.

Chlúdaigh cruinnithe an Ghrúpa Maoirseachta ó seoladh an tríú PGN i mí an Mheithimh 2019 ábhair thábhachtacha éagsúla, lena n-áirítear foréigean ar bhonn inscne (GBV) sa chóras Soláthair Dhíreach; obair Chlár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint (IRPP); tionchar COVID-19 ar chlár oibre MSS; agus na gnéithe inscneacha den dí-armáil agus den neamhleathadh. Bhí an Grúpa Maoirseachta ina réimse tábhachtach chun ceachtanna a roinnt agus bhí sé ina acmhainn luachmhar do lucht déanta beartas agus don tsochaí shibhialta araon faisnéis a sholáthar agus a fháil a d'fhéadfadh cabhrú le freagairt na hÉireann ar chlár oibre MSS a mhúnlú.

Is í an Tuarascáil Bhliantúil seo an chéad cheann a dhréachtófar faoin tríú PGN, agus tugtar forbhreathnú ann ar an dul chun cinn tosaigh atá déanta ag na Príomh-Ranna agus Gníomhaireachtaí maidir lena ngealltanais luaite. Go deimhin, bhí tionchar ag COVID-19 ar chur chun feidhme roinnt gníomhartha, agus bhí dúshláin ann maidir le sonraí riachtanacha a bhailiú chun bonnlínte a bhunú agus, ar an gcaoi sin, nuashonruithe a sholáthar ar na táscairí atá leagtha amach sa Phlean. Dá bhrí sin, is léiriú feasach iad na nuashonruithe ar sholas tráchta a áirítear in Iarscríbhinn I ar an dul chun cinn faoi gach gníomhaíocht. Déanfar

Creat Monatóireachta níos mionsonraithe ina mbeidh dul chun cinn mionsonraithe i R1 2021.

1. Cúlra agus Comhthéacs

Sheol an Tánaiste mar a bhí ag an am agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney T.D. tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta (PGN) na hÉireann de chur chun feidhme UNSCR 1325 agus rúin ghaolmhara (2019-2024) i mí an Mheithimh 2019. Cuireann an doiciméad seo¹ ar chur chun feidhme an chláir oibre do Mhná, don tSíocháin agus don tSlándáil leis an dá PGN roimhe seo, a seoladh in 2011 agus in 2015 faoi seach. Díríonn sé ar chur chuige iomlánaíoch agus cuimsitheach a áirithiú maidir le coinbhleachtaí a chosc, Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith MSS² a ghlacadh agus conclúidí Staidéar 2015 ó na NA maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre MSS³. Tá sé mar aidhm aige tiomantas na hÉireann do chlár oibre MSS a chur chun feidhme go hidirnáisiúnta agus sa bhaile ar fud an Rialtais ar fad, agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a chinntiú tríd.

Rinneadh comóradh fichiú bliain ar ghlacadh UNSCR 1325⁴ anuraidh, a aithnítear mar an chéad ‘Rún do Mhná’. Leagann sé béim ar an tionchar díréireach atá ag coinbhleacht ar mhná agus ar chailíní, chomh maith leis an ról ríthábhachtach atá ag rannpháirtíocht na mban chun síocháin inbhuanaithe a thógáil. Rinneadh na gealltanais a tugadh sa Rún seo a threisiú agus a fhorlónadh le naoi rún eile maidir le MSS le fiche bliain anuas

Bhí forbairt an tríú PGN faoi stiúir Grúpa Oibre tiomnaithe a chuimsigh gníomhaireachtaí reachtúla, an tsochaí shibhialta agus saineolaithe acadúla. Bhreithnigh sé moltaí na n-athbhreithnithe neamhspleácha ar na Pleananna roimhe seo, go háirithe an dara ceann. Áiríodh orthu sin síneadh a chur le tréimhse an Phlean ó thrí bliana go cúig bliana, chomh maith le cuntasacht, monatóireacht agus tuairisciú a neartú. Tugadh faoi chomhairliúcháin phoiblí agus pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear trí cheardlann chomhairliúcháin a reáchtáladh i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath, agus tar éis glao poiblí, fuarthas 49 aighneacht scríofa freisin. Tháinig méadú faoi dhó sa chleachtadh fairsing seo ar líon na

¹ <https://www.dfa.ie/media/dfa/ourrolepolicies/womenpeaceandsecurity/Third-National-Action-Plan.pdf>

² <https://www.consilium.europa.eu/media/37412/st15086-en18.pdf>

³ [https://www.peacewomen.org/sites/default/files/UNW-GLOBAL-STUDY-1325-2015%20\(1\).pdf](https://www.peacewomen.org/sites/default/files/UNW-GLOBAL-STUDY-1325-2015%20(1).pdf)

⁴ <https://documents-dds-ny.un.org/doc/UNDOC/GEN/N00/720/18/PDF/N0072018.pdf?OpenElement>

ndaoinne aonair agus na n-eagraíochtaí a pléadh leo i gcomparáid leis na comhairliúcháin PGN roimhe seo.

Mar aon le leaganacha roimhe seo, tá tríú PGN na hÉireann bunaithe ar cheithre cholún théamacha, eadhon:

- Cosc;
- Rannpháirtíocht;
- Cosaint; agus
- Cur Chun Cinn.

Aithníonn an PGN idirthrasnacht agus idirspleáchas na gcolún seo, agus a thábhachtaí atá sé ár ngealltanais a chomhlíonadh i ngach ceann acu chun cur chuige cuimsitheach a chinntiú maidir leis an gclár oibre do Mhná, don tSíocháin agus don tSlándáil a chur chun feidhme.

Forbraíodh Creat Monatóireachta ina bhfuil gach gníomh faoin bPlean (Iarscríbhinn 1), arb é is aidhm dóibh cur chun feidhme agus maoirseacht a threorú le linn ré an PGN. Áirítear leis an gCreat seo torthaí, táscairí agus amlínte sonraithe lena chinntiú go leantar leis an dul chun cinn ag ráta comhsheasmhach ar feadh théarma 4 bliana an PGN, agus déanfar nóta d'aon mhóil ar chur chun feidhme go tráthúil.

Maidir le monatóireacht agus meastóireacht, cheap an tAire Gnóthaí Eachtracha Grúpa Maoirseachta chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhartha ar fud na gceithre cholún ar fad faoin bPlean seo. Is éard atá sa Ghrúpa, atá faoi chathaoirleacht neamhspleách, ionadaíocht 50% ón tsochaí shibhialta, ón saol acadúil agus ó shaineolaithe neamhspleácha, agus ionadaíocht 50% ó Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais a bhfuil freagrachtaí orthu as gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa PGN. Tá forléargas ar bhallraíocht san áireamh i Roinn 2.

Tá tiomantas sa PGN tuairisc a thabhairt do Chomhchoiste cuí an Oireachtais. Is mar gheall ar an tiomantas sin atá an Tuarascáil Bhliantúil seo againn agus soláthraíonn sí bealach breise chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thionchar an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta ar bhonn rialta. Beidh creat monatóireachta soilse tráchta ag gabháil leis an

Tuarascáil seo, ag soláthar forbhreathnú ardleibhéil ar an dul chun cinn a rinneadh ar ghníomhartha PGN sa bhliain tar éis fhoilsiú an Phlean. Déanfar creat monatóireachta níos cuimsithí a dhréachtú agus a fhoilsiú i R1 2021. Déanfar athbhreithniú ar an tríú PGN ag a lárphointe in 2022 agus déanfar Measúnú Deiridh air i dtreo dheireadh a théarma, i gcomhréir leis na Pleananna roimhe seo.

Chomh maith le comóradh 20 bliain ó glacadh UNSCR 1325 maidir le Síocháin agus Slándáil na mBan, ba bhliain dhúshlánach gan choinne í 2020 freisin mar gheall ar thionchar COVID-19, rud a tharla ar scála domhanda agus a chuireann srian i gcónaí le hiarrachtaí chun ár spriocanna a bhaint amach faoin PGN. Tá sé mar aidhm ag an tuarascáil seo forléargas a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta in ainneoin na ndúshlán sin faoi na ceithre phríomhcholún maidir le cosc, rannpháirtíocht, cosaint agus cur chun cinn.



Nala Malan Tshala, an Nígir, atá ina dalta san ionad Assaga faoi chlár oideachais géaraithe Plan International do dhaltaí a bhfuil tionchar ag an gcoibhleacht i Réigiún Diffa orthu.

Tá an clár seo á thacú ag Cúnamh Éireann.

Grianghraf: Hamed Ali/RGE

2. Baill an Ghrúpa Maoirseachta

Is éard atá sa Ghrúpa Maoirseachta do Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann don MSS Cathaoirleach Neamhspleách, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, an saol acadúil, agus Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha. Léiríonn na comhlachtaí reachtúla éagsúla ar an nGrúpa Maoirseachta an cur chuige uile-Rialtais a glacadh maidir leis an tsaincheist

thábhachtach seo, saincheist leathan. Tá Téarmaí Tagartha do Bhaill an Ghrúpa Maoirseachta ceangailte le hlarscríbhinn 2.



*Baill an Ghrúpa Maoirseachta don tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta ag Cruinniú tionscnaimh an Ghrúpa
Grianghraf: RGE*

Is iad seo a leanas na hionadaithe ón tsochaí shibhialta, ón saol acadúil agus ó chomhaltaí neamhspleácha:

Nora Owen – An Cathaoirleach Neamhspleách

Is iar-Theachta Dála í Nora Owen agus bhí sí ina hAire Dlí agus Cirt ó 1994-1997. Bhí an tUasal Owen ina cathaoirleach ar an nGrúpa Maoirseachta do dhara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le MSS.

Oliver Barbour - Saineolaí Neamhspleách (Óglaigh na hÉireann roimhe seo)

Ba é Oliver Barbour ionadaí Óglaigh na hÉireann don chéad Plean Gníomhaíochta Náisiúnta ar UNSCR 1325. Thastil sé go Timor Leste agus an Libéir mar chuid den ghrúpa comhairliúcháin chun an chéad PGN a fhorbairt ar UNSCR 1325 agus bhí baint aige freisin leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí in Éirinn. Chuir sé i láthair i Scoil Oiliúna na Náisiún Aontaithe de chuid na hÉireann (UNTSI) agus i Scoileanna eile de chuid na Náisiún Aontaithe i réimse an Chomhionannais Inscne, foréigean ar bhonn inscne agus an teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach agus d'fhóin sé ar roinnt Misean de chuid na Náisiún Aontaithe lena n-áirítear an Chosaiv, an Bhoisnia, an Liobáin, an Sahára Thiar, an Tíomór Thoir, an Libéir, Sead, an Aetóip agus an tSúdáin.

Noeline Blackwell – Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath

Is dlíodóir um chearta an duine í Noeline Blackwell a bhfuil saineolas agus stair aitheanta rannpháirtíochta aici le cearta na mban, cearta imirceacha agus cearta dídeanaithe agus a tiomantas do chearta na mban thar roinnt blianta. Tá sí ina Príomhfheidhmeannach ar Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath faoi láthair agus bhí sí ina Stiúrthóir ar FLAC roimhe seo (An tIonad Saorchomhairle Dlí). Agus í ina leasuachtarán ar an gCónaidhm Idirnáisiúnta um Chearta an Duine, bhí freagracht ar leith uirthi as cearta na mban i leith chearta an duine agus as cearta chosantóirí chearta an duine. D'oibrigh sí mar theagmhálaí idirchaidrimh do chosantóirí chearta daonna na mban mar chomhalta boird ag *Front Line Defenders*.

Maria Butler - Léig Idirnáisiúnta na mBan um Shíocháin agus Saoirse (WILPF)

Faoi láthair tá Maria Butler ina Stiúrthóir ar Chláir Dhomhanda in WILPF, agus roimhe sin bhí sí ina Stiúrthóir freagrach as clár na mBan, na Síochána agus na Slándála de chuid WILPF. Is comhúdar í ar an alt “WPS and Arms Trade Treaty” in Oxford Handbook of Women, Peace and Security. Is ceannródaí í den aip MSS agus tá sí freagrach as forbairt agus cur chun feidhme straitéise, Monatóireacht, Meastóireacht agus Foghlaim ag WILPF.

Egide Dhala - An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce

Tá Egide Dhala ag obair faoi láthair don Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM) in Éirinn mar Chomhordaitheoir For-rochtana agus tá taithí breis agus 20 bliain aige ag obair le himircigh (mná agus fir) in Éirinn. Bhunaigh sé clár oideachais, agus é ag obair le Spirasi, chun tacú le mná leochaileacha agus d'oibrigh sé le AkiDwA chun oibriú le fir chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh na mban. Is comhbhunaitheoir Wezesha é, a thacaíonn le mná na hAfraice atá buailte nó ar dócha go mbeidh tionchar ag coinbhleacht agus foréigean orthu. Cé go bhfuil sé lonnaithe in Éirinn agus ag obair le grúpaí imirceacha eile chun tacú le himeascadh na n-imirceach, oibríonn Wezesha freisin le mná agus leanaí san Afraic, rud a thugann cumhacht do mhná leochaileacha atá faoi lé sárú inscne.

Nura Hagi - Mind the GAP

Is Cosantóir Chearta an Duine ón tSomáil í Nura Hagi. Tá sí ina Comhalta de Bhord Stiúrthóirí an Ionaid um Fhoréigean Gnéasach i gCorcaigh agus is í Príomhfheidhmeannach Karti í, eagraíocht a thacaíonn le mná ó limistéir choinbhleachta atá ina gcónaí in Éirinn. Oibríonn sí freisin do Mind the GAP, tionscadal ealaíon oideachais forbartha agus is comhairleoir í ag rannóg na mBan san Ionad Faisnéise Ioslamach. Tá sí ina ball d'fhoghrúpa na mBan de ghluaiseacht Chathair Chorcaí Sanctuary.

Emma Johnston – Youth Action, Tuaisceart Éireann

Is Oibrí Forbartha do Mhná Óga í Emma Johnston do Youth Action, Tuaisceart Éireann agus is Léachtóir Cúnta í i Staidéar Óige Pobail in Ollscoil Uladh. In 2009, toghadh í mar bhall coiste de NIWEP (Ardán Eorpach Mhná Thuaisceart Éireann) chun ionadaíocht a dhéanamh ar ghuth na mban óg. In 2013, roghnaíodh Emma mar ionadaí Thuaisceart Éireann ar Chomhchoiste na Ríochta Aontaithe do Mhná, a bhfuil suíochán comhalta boird aici ar Brúgrúpa Mhná na hEorpa. Is ball coiste í de Choiste Bród an Fheabhail ag pleanáil agus ag cur gníomhaíochtaí i bhfeidhm do sheachtain feasachta LADT agus seachtain bhliantúil Bhród an Fheabhail de ghníomhaíochtaí agus an léirsiú bróid féin.

An Dr Walter Kilroy - Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)

Tá Walt Kilroy ina Ollamh Cúnta i Scoil Díl agus Rialtais DCU faoi láthair, ag múineadh saincheistanna forbartha, coinbhleachta, slándála, síochánaíochta, cosaint sibhialtach, agus téarnamh iarchogaidh. Tá sé ina Stiúrthóir Comhlach freisin ar Institiúid na hOllscoile um Réiteach Coinbhleachta Idirnáisiúnta agus Atógáil. D'fhóin an Dr Kilroy ar an nGrúpa Maoirseachta don dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta ó Mhárta 2018 go dtí gur tháinig deireadh lena théarma in 2019.

Abby Ryan - Cuibhreannas na hÉireann ar an bhForéigean ar Bhonn Inscne (CÉFBI)

Faoi láthair tá Abby Ryan ina Comhordaitheoir don CÉFBI agus is í a ionadaí ar Ghrúpa Maoirseachta PGN. Is comhoibriú uathúil é an Cuibhreannas idir grúpa éagsúil eagraíochtaí um chearta an duine, eagraíochtaí daonnúla agus forbartha chomh maith le hinstiúidí acadúla. Áirítear ar a taithí roimhe seo a ról mar Intéirneach Gairmiúil Sóisearach um Chomhionannas Inscne agus Cearta an Duine sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus mar Oibrí Tacaíochta d'Iarrthóirí Tearmainn do Ghrúpa Inimirce Leispiach agus Aerach na Ríochta Aontaithe.

Ranna & Gníomhaireachtaí Rialtais

- Áine Hearn
An tAonad um Réiteach Coinbhleachta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha
- Shane Keenan (2019-2020); Vicky Dillon (2020-faoi láthair)
Rannóg an Chomhoibrithe Forbartha agus na hAfraice, an Roinn Gnóthaí Eachtracha
- Deirdre Ní Neill, (2019-2020)*; Nessa O'Doherty (2020– faoi láthair)
An Roinn Dlí agus Cirt
- Noreen Woulfe
An Roinn Cosanta
- Jayne Lawlor (2019); Gillian Collins (2020-faoi láthair)
Óglaigh na hÉireann
- Aoife Davey
FSS
- Louise Synnott
An Garda Síochána
- Eibhlin Byrne
Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint
- Deirdre Ní Neill (2020-faoi láthair)*
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Rúnaíocht an Ghrúpa Maoirseachta

William Barrett, An tAonad um Réiteach Coinbhleachta, 2019

Richard O'Neill, An tAonad um Réiteach Coinbhleachta, 2019-2020

Claire Dowling, An tAonad um Réiteach Coinbhleachta, 2019-2020

Caitlín Higgins Ní Chinnéide, An tAonad um Réiteach Coinbhleachtaí, 2020-faoi láthair


Anna Sparynska, An tAonad um Réiteach Coinbhleachta 2020-faoi láthair

Sarah Doherty, An tAonad um Réiteach Coinbhleachta 2020-faoi láthair

*Mar gheall ar aistriú feidhmeanna idir an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige tar éis bhunú an Rialtais in 2020, beidh ionadaíocht ag an Roinn deiridh sin ar an nGrúpa Maoirseachta ó mhí na Nollag 2020.

3. Gníomhaíochtaí MSS na hÉireann Mí Iúil 2019 – Mí an Mheithimh 2020

Tá tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil bunaithe ar na ceithre cholún um **Chosc, Rannpháirtíocht, Cosaint** agus **Cur Chun Cinn**. Gineadh naoi dtoradh straitéiseacha ó na colúin seo, agus leagadh amach aidhmeanna agus gealltanais na hÉireann thar théarma cúig bliana an tríú PGN.



Sa bhliain ó seoladh an PGN i mí an Mheithimh 2019, tá tús curtha ag Éirinn leis na gníomhartha éagsúla faoi na colúin agus na torthaí straitéiseacha seo a chur chun feidhme. Soláthróidh an rannóg seo forbheathnú insinte ar chuid de dhul chun cinn na Ranna Rialtais agus na ngníomhaireachtaí reachtúla éagsúla maidir leis seo.

Colún 1: Cosc

Is tosaíocht i mbeartas eachtrach na hÉireann é coinbhleacht a chosc ar an gcéad dul síos. Aithnítear go dteastaíonn cur chuige cuimsitheach chun dul i ngleic le bunchúiseanna na coinbhleachta agus, níos tábhachtaí fós, gur gá féachaint orthu trí lionsa inscne. Bhí macalla air seo i ngníomhartha PGN faoin gColún Cosc.

Is féidir le tosa éagsúla amhail an t-athrú aeráide, ollimirce agus easáitiú, teicneolaíochtaí nua cogaidh, bagairtí a bhaineann le teicneolaíocht na faisnéise, agus an t-ardú ar an antoisceachas foréigineach tarlú dá bharr. Tá sé tábhachtach aghaidh chuimsitheach a thabhairt ar na saincheisteanna sin mar chuid de bheartas eachtrach agus forbartha na hÉireann, lena n-áirítear trí ghné na hinscne a chur chun feidhme. Is éard atá i gceist leis seo clár oibre MSS a phríomhshruthú i ngach réimse beartais laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha (RGE) agus gach Roinn agus gníomhaireacht Rialtais eile. Chuir RGE oiliúint ar chomhionannas inscne agus Mná, Síocháin agus Slándáil ar fáil do bhreis agus 60 ball foirne in 2019, agus do bhreis agus 130 ball foirne in 2020. Bhí sé mar aidhm ag an oiliúint tuiscint an rannpháirtí a chothú ar chur chuige na hÉireann i leith na n-ábhar seo, lena n-áirítear cuir chuige inscne maidir le hábhair imní síochána agus slándála forbartha idirnáisiúnta chomh maith le gníomhartha agus freagrachtaí RGE sa spás seo faoi *Domhan Níos Fearr*, Beartas Forbartha Idirnáisiúnta na hÉireann⁵ agus an tríú PGN. Chuir Aonad Daonnúlachais RGE oiliúint ar fáil freisin maidir le hÍoschaighdeáin an Bhuanchoiste Idirghníomhaireachta do fhoréigean ar bhonn inscne i gcásanna éigeandála.

Tá neamhionannas, lena n-áirítear neamhionannas inscne, ina spreagadh agus mar thoradh ar choinbhleacht. Tá comhionannas inscne agus cumhachtú ban agus cailíní ar cheann de cheithre thosaíocht beartais de chuid *Domhan Níos Fearr*, a thiomnaíonn comhionannas inscne a chomhtháthú ar fud ár gcomhpháirtíochtaí agus ár n-idirghabhálacha go léir agus i raon réimsí téamacha. In 2019, chuir 76% de chabhair dhéthaobhach uile na hÉireann maidir le forbairt thar lear (COF) le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban, arb ionann é agus ceann de na céatadáin is airde de dheontóirí uile Choiste Cúnaimh Forbartha ECFE (DAC). Chun comóradh 20 bliain UNSCR 1325 maidir le MSS a chomóradh, rinne Coiste Cúnaimh Forbartha ECFE anailís ar an méid cabhrach a chuireann le comhionannas inscne

⁵ <https://www.irishaid.ie/media/irishaid/aboutus/abetterworldirelandspolicyforinternationaldevelopment/A-Better-World-Irelands-Policy-for-International-Development.pdf>

agus le cumhachtú na mban i 57 tír agus críoch leochaileach ina bhfuil coinbhleacht⁶. Fuarthas amach go gcuireann 86% den chúnamh a infheistíonn Éire i gcomhthéacsanna leochaileacha le comhionannas inscne. Tá sé seo i measc na sciartha is airde de chabhair atá dírithe ar chomhionannas inscne i gcomhthéacsanna leochaileacha de dheontóirí uile DAC, ag teacht sa cheathrú háit tar éis Cheanada, na hÍoslainne agus na Sualainne.



*Tá saincheapadh na hoiliúna mar chuid de chlár scileanna do mháithreacha óga i dtionscadal ‘Fambul Welbodi’ (‘Sláinte an Teaghlaiigh’) de chuid Save the Children, a mhaoinítear mar chuid d’obair na hÉireann chun mná agus cailíní a chumhachtú.
Grianghraf: Noel Molony/RGE*

Trí dhul i ngleic le bunchúiseanna lena n-áirítear steiréitíopaí inscne, idirdhealú in aghaidh na mban agus cailíní agus cleachtas eile a chuireann an neamhionannas chun cinn, is féidir leo noirm agus dearchtaí sóisialta a leasú, lena n-áirítear iad sin ina nglactar le foréigean ar bhonn inscne. Tá an tábhacht a bhaineann le fir agus buachaillí a mhealladh i gclár oibre MSS gaolmhar leis sin. Trí noirm éagsúla idirdhealaitheacha inscne agus fireannachtaí díobhálacha a chomhrac, is féidir rannchuidiú go mór le hiarrachtaí chun comhionannas agus rannpháirtíocht na mban a bhaint amach, agus dul i ngleic le coinbhleacht agus foréigean ar bhonn inscne.

Ag Conradh 2019 maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach (NPT), thug Éire ráiteas le linn na díospóireachta ar an tsaincheist shonrach maidir le héifeachtacht an phróisis

⁶ <https://www.oecd.org/development/gender-development/Aid-Focussed-on-Gender-Equality-and-Women-s-Empowerment-2020.pdf>

athbhreithnithe neartaithe a fheabhsú, inar tugadh aghaidh ar fhireannachtaí díobhálacha sa tslándáil idirnáisiúnta. I rith imeachta eile a bhí ar siúl ag an am céanna, a d'eagraigh Éire i gcomhpháirtíocht le Léig Idirnáisiúnta na mBan um Shíocháin agus Saoirse (WILPF), rinne cainteoir amháin iniúchadh ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag fireannachtaí agus dioscúrsa inscne ar thuiscintí maidir leis an gcumhacht, ar an gcaoi a n-imríonn sé seo amach i gcomhthéacs Neamhleathadh Arm Núicléach, agus conas a d'fhéadfadh Páirtithe an Stáit aghaidh a thabhairt ar fhireannachtaí díobhálacha i dtreo cur chuige daonlárnach i leith na síochána agus na slándála. Cuireadh bunmhaoiniú ar fáil freisin do WILPF, a bhfuil fócas ar leith acu ar fhireannachtaí díobhálacha, agus ar Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar Dhí-armáil (UNIDIR), lenar áiríodh tacaíocht dá gclár inscne agus dí-armála. Sa Phacáiste Acmhainní Inscne agus Dí-armála a d'fhorbair an Grúpa Tionchair Idirnáisiúnta Cosantóirí Idirnáisiúnta Inscne Dí-armála (DIG), tá faisnéis maidir le hábharthacht na ngnéithe inscne i leith rialú arm, neamhleathadh agus dí-armáil arm, chomh maith le smaointe praiticiúla ar féidir leo tacú le taidhleoirí lionsa inscne a chur i bhfeidhm ar a gcuid oibre.

Tá Éire ag tabhairt faoi thaighde sa spás seo freisin. Trí Líonra Idirnáisiúnta ECFE DAC um Choinbhleacht agus Leochaileacht (INCAF)⁷, mhaoinigh Éire taighde ar fhireannachtaí díobhálacha agus ar dhul i dteagmháil le fir agus buachaillí, lena n-áirítear mar pháirtithe leasmhara in MSS. Trí chomhpháirtíocht straitéiseach an Choiste Tarrthála Idirnáisiúnta (IRC) le Cúnamh Éireann, téann clár um Chosaint agus Cumhachtú Ban IRC i ngleic le dídeanaithe fir agus easáitithe i gcur chuige dearcaidh, iompraíochta agus noirm shóisialta. Cuireann siad sin fireannachtaí dearfacha chun cinn agus tugann siad aghaidh ar noirm idirdhealaitheacha inscne. Tá píosa taighde déanta ag Óglaigh na hÉireann i réimse na bhfireannachtaí míleata d'fhonn bonn eolais a chur faoi ghníomh amach anseo ina leith sin. Tá sé seo curtha san áireamh mar chuspóir straitéiseach i bPlean Gníomhaíochta na Óglaigh na hÉireann⁸ maidir le MSS, ar seoladh an tríú leagan de i mí na Nollag 2020.

Méadaíodh maoiniú na gclár a thacaíonn le cosc ar fhoréigean ar bhonn inscne i dtíortha chlár déthaobhach na hÉireann agus trínár gcomhpháirtíochtaí d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha ó €11.3 milliún in 2018 go €13.7 milliún in 2019. Tá an tacaíocht seo dírithe ar dheireadh a chur le foréigean ar bhonn inscne, go háirithe chun athrú ó bhonn a

⁷ <https://www.oecd.org/dac/conflict-fragility-resilience/incaf-network.htm>

⁸ <https://www.military.ie/en/public-information/publications/unscr-1325-and-related-resolutions.pdf>

chur ar na réimsí níos deacra de mheonta agus iompraíochtaí géara a cheadaíonn don fhoréigean leanúint ar aghaidh. Áirítear leis sin tacaíocht a chuirtear ar fáil trínár líonra Misin i dtíortha lena n-áirítear an Tansáin, an Libéir, Siarra Leon, an Afraic Theas, an tSaimbia agus an tSiombáib chomh maith le maoiniú a chuirtear ar fáil trí chomhpháirtithe na sochaí sibhialta amhail Action Aid nó Raising Voices.

Ina theannta sin, cuireann Éire maoiniú ar fáil do chláir um fhoréigean ar bhonn inscne trínár maoiniú iltaobhach agus daonnúil. Áirítear leis sin comhpháirtíocht mhór leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn maidir le cosc ar fhoréigean ar bhonn inscne agus cumhachtú, atá á chur chun feidhme ag an gComhairle sa Chéinia, sa tSúdáin Theas, san Aetóip, i gCamarún agus sa tSomáil. Comhoibríonn an Clár um Chearta na mBan leis an Ionad um Athrú Iompraíochta chun tuiscint a fháil na fadhbanna maidir le foréigean ar bhonn inscne agus easpa cumhachtú eacnamaíoch i dtéarmaí iompraíochta, rud a fhágann gur féidir tús a chur le próiseas anailíse iompraíochta níos doimhne chun athrú níos inbhuanaithe a bhaint amach faoi dheireadh an chláir. Trí obair Chúnamh Éireann leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, thángthas ar bhreis agus 80,000 ball pobail, thart ar 53% de mhná agus 47% d'fhir, le gníomhaíochtaí coiscthe an fhoréigin ar bhonn inscne trí shuíomhanna tionscadail maoinithe ag Cúnamh Éireann. Chomh maith lenár gcuid oibre leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, maoiníonn Éire obair choiscthe agus freagartha ar fhoréigean ar bhonn inscne freisin trínár n-infheistíochtaí sa chóras iltaobhach lena n-áirítear trí Mhná na NA agus Ciste Iontaobhais na NA chun deireadh a chur le Foréigean in aghaidh na mBan agus trínár n-infheistíocht i raon sásraí maoinithe comhthiomsaithe eile.

Obair na hÉireann maidir le Foréigean ar bhonn Inscne san Afraic a chosc

In 2020, d'oibrigh Éire le comhpháirtithe chun seirbhísí riachtanacha a bhaineann le foréigean ar bhonn inscne a oiriúnú agus a chothabháil i bhfianaise tuairiscí ar eachtraí méadaithe i bhforéigean ar bhonn inscne i gcomhthéacs COVID-19

- Sa tSaimbia, tá tacaíocht á cur ar fáil trí Chomhchlár na NA maidir le foréigean ar bhonn inscne chun seachadadh seirbhísí tearmainn éigeandála a leathnú do mharthanóirí an fhoréigin ar bhonn inscne
- San Afraic Theas, tá Éire ag tacú le Mná na NA maidir le córais mhear-atreoraithe a fhorbairt do mharthanóirí an fhoréigin ar bhonn inscne

- I Siarra Leon, tá Éire ag tacú le hiarrachtaí an rialtais ionaid ilfhreastail a chur chun feidhme a thacaíonn le soláthar seirbhísí freagartha i bhforéigean ar bhonn inscne agus ag obair le UNFPA chun na cláir a thacaíonn le spásanna sábháilte a bhunú do chailíní óga a chur in oiriúint don scoil
- Sa Libéir agus sa Tansáin, tá Éire ag tacú le comhpháirtithe atá ag obair ar leibhéal an phobail chun seirbhísí riachtanacha coiscithe agus freagartha i bhforéigean ar bhonn inscne a sholáthar.
- Sa tSiombáib, tá Éire ag tacú leis na Náisiúin Aontaithe, le comhpháirtithe rialtais agus na sochaí sibhialta chun bearta maolaithe agus coiscithe an fhoréigin ar bhonn inscne a bhunú, agus ag an am céanna sásraí atreoraithe a neartú agus faisnéis a scaipeadh faoi infhaighteacht agus inrochtaineacht seirbhísí foréigin ar bhonn inscne

Leanfaidh Éire ar aghaidh ag cur inscne i gcroílár a cuid oibre forbartha agus daonnúla, agus chun anailís inscne a chomhtháthú i ngach gné dá clár oibre síochána agus slándála. Mar a leagfar amach sa chuid seo a leanas, tá sé ríthábhachtach go mbeadh rannpháirtíocht i measc ban agus cailíní i ngach gné de chosc agus réiteach coinbhleachta riachtanach chun síocháin inbhuanaithe a thógáil agus ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin trí lionsa inscne a chur chun feidhme maidir le gach gné de bheartas eachtrach na hÉireann.

Colún 2: Rannpháirtíocht

Bíonn tionchar díréireach ag coinbhleacht ar mhná agus ar chailíní, ach, in ainneoin sin, is minic nach mbíonn baint acu le réiteach coinbhleachtaí agus le cothú na síochána. Geallann an tríú PGN go gcinnteoidh Éire go neartaítear anailís inscne agus ceannaireacht na mban i gcúrsaí rialachais, i gcosc na coinbhleachta, agus i bpróisis chothú na síochána ar gach leibhéal, lena n-áirítear próisis áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

Tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar an bpointe nach grúpa aonchineálach iad na mná, agus ní mór ceist na hidirthrasnachta a chur san áireamh. Is féidir le mná aghaidh a thabhairt ar idirdhealú, ní hamháin mar gheall ar a n-inscne, ach freisin mar gheall ar a reiligiún, a gcultúr, a gclaonadh gnéis, a n-aois, a n-eitneachas agus a leibhéal cumais

fhisiciúil nó mheabhrach. Ní mór rannpháirtíocht ghníomhach na mban i gcúrsaí síochána agus slándála a bheith éagsúil freisin, agus ní mór iarrachtaí a dhéanamh chun na bacainní a chuireann cosc air sin a scriosadh.

Tá cumhachtú gach uile bean agus cailín riachtanach ionas gur féidir leo a n-áit a ghlacadh mar cheannairí agus mar rannpháirtithe iomlána agus comhionanna chun coinbhleachtaí a chosc, ar mhaithe le réiteach, idirghabháil, idirphlé agus cothú na síochána, ar bhonn intíre agus idirnáisiúnta araon. Chuige sin, is gá rochtain ar oideachas a áirithiú, cumais na mban a leathnú amach agus tacú le ceannaireacht na mban sa saol polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta. Ní mór é a bhaint amach ar gach leibhéal, ag tosú leis an gcosmhuintir. Tá nascadh ghluaiseachtaí na mban áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá roimh mná a bhíonn ag cosaint chearta an duine, ag grúpaí ban áitiúla, ag idirghabhálaithe agus idirbheartaithe ban ón ngnáthphobal. Cabhróidh idirphlé ó ghlúin go glúin le guth daoine óga a thógáil agus a chinntiú go mbeidh clár oibre MSS ag teacht le clár oibre na hÓige, na Síochána agus na Slándála (ÓSS).

Leanann Éire ag cur maoiniú ar fáil do raon clár atá tiomnaithe do ghuthanna na mban sa chinnteoireacht lena n-áirítear clár Aontas Idir-Pharlaiminteach na mBan sa Pholaitíocht, chomh maith le tacaíocht do na mná atá ag cothú na síochána trí mhaoiniú a thabhairt do Women's Peace and Humanitarian Trust Fund, an African Women Leaders Network, agus do raon comhpháirtithe sa tsochaí shibhialta lena n-áirítear Trócaire agus Action Aid.

Le linn 2019 agus 2020, tá sé de chumhacht ag mná agus ag cailíní ar fud na Céinia, na Súdáine Theas, na hAetóipe, Chamarúin agus na Somáile breis agus 40 gníomh a stiúradh chun aird a tharraingt ar shaincheistanna a théann i bhfeidhm ar mhná agus ar chailíní sa phobal le lucht cinnteoireachta agus ceannairí daonnúla. Tugadh tacaíocht dó sin trí ghníomhaíochtaí a neartú faoi chomhpháirtíocht straitéiseach IRC-Chúnamh Éireann do mhná agus do chailíní óga maidir le ceannaireacht agus abhcóideacht; ról na mban agus na gcailíní éagsúla i mbainistiú Women and Girl Safe Spaces (WGSS) a mhéadú; agus tacú le mná agus le cailíní óga níos sine gníomhartha pobail a dhéanamh. I measc na samplaí de sin tá an obair a rinneadh le húdarais áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar chleachtas leanúnach ciorrú ball giniúna ban (FGM) sa tSomáil; tacú le Stiúrthóir ospidéal áitiúil i gCamarún le haghaidh rochtain saor in aisce ar chúram leighis do mharthanóirí an fhoréigin ar bhonn

inscne, agus ag tacú le síneadh a chur le saorchriosanna arm sa tSúdáin Theas chun go mbeifear in ann adhmaid dóiteáin a bhailiú go sábháilte.

Is tiomantas tábhachtach é maoiniú agus tacaíocht a mhéadú d'eagraíochtaí um chearta na mban i mbeartas forbartha idirnáisiúnta na hÉireann *Domhan Níos Fearr*. In 2019, tháinig méadú ar mhaoiniú d'eagraíochtaí um chearta na mban ó €5.47 milliún in 2018 go dtí beagán os cionn €5.7 milliún.

Rannpháirtíocht na mban agus gnéithe na hinscne i ndí-armáil agus neamhleathadh

Tá gnéithe na hinscne curtha chun cinn go gníomhach ag Éirinn i ráitis náisiúnta maidir le dí-armáil, neamhleathadh agus fóraim rialaithe arm, agus chomhthreoraigh sí ráiteas comhpháirteach maidir le hinscne agus dí-armáil chuig Céad Choiste UNGA75 i mí Dheireadh Fómhair 2019, a raibh tacaíocht os cionn 80 tír aige.

Ó thaobh taighde de, tá dhá staidéar maoinithe ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha ar *Patterns of Participation in Multilateral Disarmament Forums* (Norwegian People's Aid, 2020) agus *Still Behind the Curve: Gender Balance in Arms Control, Non Proliferation and Disarmament Diplomacy* (UNIDIR, 2019).

I mí na Bealtaine 2019, thionóil an Grúpa Tionchair Dí-armála (DIG) imeacht ag an am céanna ag an 2ú Comhdháil Athbhreithnithe NPT 2020 i Nua-Eabhrac dar teideal *When Participation Becomes Meaningful: Advancing the conversation on gender diversity in the NPT*.

Rith Éire an tAcht um Thoirmeasc ar Airm Núicléacha i mí Eanáir 2020, a thugann éifeacht don Chonradh um Thoirmeasc ar Airm Núicléacha (TPNW) i nDlí na hÉireann. Chomh maith le héifeacht dhíríreach na radaíochta ianúcháin ar mhná agus ar chailíní a aithint, áirítear sa Chonradh foráil maidir le rannpháirtíocht chomhionann idir fir agus mná in obair an Chonartha.

Le linn chéim ullmhúcháin an Chúigiú Comhdháil Bhliantúil de Pháirtithe an Stáit i dtimthriall an Chonartha Trádála Arm (CSP5)(2019), d'oibrigh Éire le comhchathaoirligh an Ghrúpa Tionchair Idirnáisiúnta Cosantóirí Inscne Dí-armála chun bileog eolais a fhorbairt inar cuireadh smaointe i láthair i gcomhair gníomhaíochta maidir le rialú inscne agus arm. Ag an gCúigiú Comhdháil féin, chuir Éire, le tacaíocht ó Cheanada agus ón Namaib, i

gceannas ar Chomhráiteas maidir le hInscne agus an Conradh Trádála Arm, a dhaingnigh an tacaíocht do 46 Páirtí Stáit agus a leag béim, i measc saincheisteanna eile, ar an tábhacht a bhaineann le gnéithe na hinscne i rialú arm.

Tá áthas ar an nGrúpa Maoirseachta a thuairisciú go bhfuil ceann de na gníomhartha faoin gcolún seo curtha i gcrích. Tuairiscíodh i gClár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint (IRPP) go bhfuil dídeanaithe cláraithe le haghaidh áiseanna cúram leanaí in Ionaid Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála agus tar éis dóibh athlonnú. Ceann de na príomhrudaí a spreag é seo ná a chur ar chumas na mban leas a bhaint as ranganna Béarla agus as gníomhaíochtaí cultúrtha eile.

Ní mór rannpháirtíocht ban agus cailíní i ngach gné den chlár oibre síochána agus slándála a chur chun cinn ar gach leibhéal den tsochaí. Tá sé tábhachtach a mheabhrú, áfach, gur féidir le rioscaí a bheith ag baint le rannpháirtíocht na mban freisin agus dá bhrí sin ní mór ceannairí ban, rannpháirtithe agus cosantóirí chearta an duine a chosaint chun ligean dóibh a gcuid oibre a dhéanamh.

Colún 3: Cosaint

Tá cosaint na mban i réimse na síochána agus na slándála fíorthábhachtach. Is féidir cosaint a gcearta daonna a chuimsiú leis sin; cosaint fhisiciúil ar fhoréigean ar bhonn inscne, ar theacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach; síochánaíocht agus cothú na síochána atá freagrúil don inscne a áirithiú; an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac agus, níos tábhachtaí fós, faoiseamh agus téarnamh d'íospartaigh foréigin a bhaineann le coinbhleacht.

Cé go bhfuil sé tábhachtach gan féachaint ar mhná trí lionsa cosantach amháin, is léir go gcaithfear iarrachtaí a dhéanamh chun mná agus cailíní a chosaint ó thionchair an fhoréigin a bhaineann le coinbhleacht agus ó choinbhleacht, chomh maith le cinntiú dóibh siúd a n-idirghníomhaíonn siad leo go bhfuil siad ar an eolas faoi ghné na hinscne i gcónaí. Tá Éire tiomanta freisin do chuntasacht a thabhairt maidir le sáruithe ar chearta an duine i suíomhanna coinbhleachta chun cosc a chur ar mhí-úsáidí den sórt sin tarlú arís.

Leanann Éire de thacaíocht ilbhliantúil a mhéadú do chlár agus do thionscnaimh a bhaineann le comhionannas inscne i suíomhanna éigeandála agus freagairt a thabhairt ar an [Leathanach | 19](#)

bhforéigean ar bhonn inscne agus cosc a chur air. Méadaíodh an maoiniú seo ó bhunlíne €1.5 milliún in 2018 go €2.2 milliún in 2019. Bhí ról lárnach ag Comhpháirtíocht Straitéiseach an Choiste Tarrthála Idirnáisiúnta (IRC) le Cúnamh Éireann chun cur ar chumas an Choiste a chuid oibre a thabhairt chun cinn agus a neartú maidir le mná agus cailíní a chosaint i ngéaréigeandálaí agus géarchéimeanna fada dearmadta, chomh maith le tacú le gealltanais na hÉireann sa réimse seo.

Príomhghníomhaíocht faoin gcolún seo is ea acmhainn shonrach acmhainní daonna, saineolas teicniúil a leithdháileadh agus soláthar na hoiliúna is gá chun tacú le freagairt dhaonnúil éifeachtach ar fhoréigean inscne. In 2018, rinne Éire babhta earcaíochta ballraíochta don Uainchlár Mearfhreagartha Saineolaithe. Bhí cosaint agus cosaint leanaí i measc na réimsí ar tugadh tús áite dóibh sa phróiseas iarratais. Chuir seachtar earcach nua a raibh saineolas acu sa réimse seo leis an uainchlár de 120 saineolaí, ina raibh ról cheana féin amhail Comhairleoir Inscne agus Comhairleoir don Fhoréigean ar bhonn inscne. In 2020, imscaradh na baill nua seo chun poist acmhainneachta borrrtha a líonadh le Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF) agus le Gníomhaireacht Dídeanaithe na Náisiún Aontaithe (UNHCR) i dtíortha amhail an tSúdáin Theas, Maenmar, an Phalaistín agus an Ghréig. Ina theannta sin, thacaigh RGE le hÓglaigh na hÉireann i mí na Samhna 2019 maidir le hoiliúint a chur ar fáil do ECAT agus do Bhallstáit na Náisiún Aontaithe maidir le himscrúdú a dhéanamh ar fhoréigean gnéasach agus inscne i gcásanna coinbhleachta agus oibríochtaí síochánaíochta.

Rinne Éire comhchathaoirleacht ar phróiseas in ECFE DAC as ar tháinig moladh chun Deireadh a chur le Teacht i dtír Gnéasach agus Mí-Úsáid agus Gnéaschiapadh. Chuir sé seo bonn eolais faoi dhréachtbheartas nua um Chosaint RGE a fhorbairt a bhfuiltear ag súil go gcuirfear bailchríoch air agus go nglacfar é in 2021.

Sa bhaile, tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag tabhairt faoi na gníomhartha seo a leanas:

Ról Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) i seirbhísí a bhaineann le sláinte

Tacaíonn FSS le raon eagraíochtaí neamhrialtasacha go náisiúnta chun seirbhísí a bhaineann le sláinte a sholáthar mar bhaill de ghrúpaí oibre idirghníomhaireachta nó líonraí nó trí mhaoiniú a chur ar fáil. Maoinítear roinnt tionscadal chun faisnéis, tacaíocht

agus abhcóideacht a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí sláinte agus tacaíochta eile mar gheall ar choinbhleacht.

- Maoinítear tionscadail shonracha chun múscailt feasachta a chur ar fáil i measc pobal agus soláthraithe cúram sláinte agus tacaíocht do mharthanóirí ciorrú ball giniúna ban. Áirítear leis seo sainchlinic a oibríonn IFPA do chailíní agus do mhná a ndearnadh ciorrú ball giniúna ban orthu agus obair a rinneadh le pobail atá i mbaol, go háirithe Dídeanaithe agus Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta ag AkiDwA.
- Maoinítear Spirasi chun seirbhísí tacaíochta a sholáthar d'íospartaigh/marthanóirí céastóireachta.
- Tá Tionscadail Shonracha Meabhairshláinte maoinithe nó cómhaoinithe chun meabhairshláinte agus folláine dhearfach a chur chun cinn agus a fheabhsú i measc Dídeanaithe agus Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, e.g. Amharclann Smashing Times do Chlár Meabhairshláinte Dearfach, Éagsúlacht Mhaigh Eo agus WIN leantach (fáilte agus ionchuimsiú pobal nua), Tionscnamh Meabhairshláinte Luimnigh do Mhná Dídeanaithe.
- Tá Clár Toirchis Géarchéime Sláinte Gnéis FSS ann mar thoradh ar chlár for-rochtana a fhorbairt le pobail Soláthair Dhírigh (DP), le heagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla ag nascadh leis na hionaid chun faisnéis a sholáthar, rud a chumasaigh rochtain ar shláinte ghnéis agus faisnéis seirbhíse tacaíochta toirchis/ginmhillte neamhphleanáilte.
- Cuirtear tacaíochtaí meabhairshláinte ar fáil i réimsí mar inscne, claonadh, sláinte ghnéis agus VEID. Le linn phaindéim COVID-19, thacaigh FSS le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun a ngníomhaíochtaí a sheachadadh ar líne nó go cianda.

Tá gníomhartha déanta ag an nGarda Síochána (AGS) chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, lena n-áirítear sásraí cuntasachta a neartú. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag Fóram Geallsealbhoirí ar Shásra Náisiúnta Atreoraithe na hÉireann um Gháinneáil ar Dhaoine, lena n-áirítear ionadaithe ón nGarda Síochána, FSS, Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ceannródaíocha faoi stiúir íospartach. Go háirithe, tá samplaí d'eispéiris íospartach agus de rannpháirtíocht le híospartaigh den sórt sin trí na heagraíochtaí neamhrialtasacha á lorg chun ionchur

ábhartha, idir dhearfach agus dhiúltach, a chur ar an eolas faoin athbhreithniú chun sásraí institiúideacha atá ann cheana agus atá beartaithe a fhorbairt agus a fheabhsú.

Is gné thábhachtach é oiliúint feasachta chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Faoi dheireadh 2019, fuair beagnach 5,000 ball den Gharda Síochána oiliúint shonrach feasachta ar gháinneáil ar dhaoine mar chuid den chroíchuraclam do gach Garda faoi Oiliúint, mar chuid den Bhunoiliúint i gColáiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór. Cé nárbh fhéidir leanúint leis an oiliúint seo in 2020 mar gheall ar shrianta COVID-19, tá sé beartaithe, i gcomhar leis an bhfoireann oiliúna i gColáiste an Gharda Síochána, go n-áireofar an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta de chuid na hÉireann maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil i modúil amach anseo den churaclam oiliúna reatha maidir le sainaitheint íospartach, feachtas feasachta, reachtaíocht ábhartha agus freagrachtaí faoin Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac in Éirinn.

Ní mór tabhairt faoi gháinneáil ar dhaoine a chomhrac ar bhonn uile-Éireann chun a bheith éifeachtach. Lean an Garda Síochána agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) an tAonad nua-aimseartha um Gháinneáil ar Dhaoine (MSHTU) lena bhfócas comhoibríoch ar fud an oileáin ar íospartaigh striapachais eagraithe agus cionta gaolmhara a chosaint.

Seoladh teachtaireacht chuig os cionn dhá chéad (200) duine a lean ar aghaidh ag fógairt soláthar seirbhísí gnéis sa dá dhlínse ag treisiú infhaighteacht bhaill an Gharda Síochána agus PSNI araon chun cabhrú le hOibrithe Gnéis a bhfuil deacrachtaí acu. Tá iarrachtaí breise ar siúl chun cabhrú le híospartaigh fhéideartha na gáinneála sa tionscal gnéis, agus iad a bhrath, mar chuid de Phlean Náisiúnta Póilíneachta COVID-19.

Tá dhá ghníomh curtha i gcrích ag Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint faoin tríú colún. Rinneadh an Clár Urraíochta Pobail a phíolótú agus a sheoladh mar chlár príomhshrutha le linn na tréimhse tuairiscithe, agus cuireann sé bealaí comhlántacha ar fáil maidir le hathlonnú. Leanann sé ar aghaidh ag forbairt le béim ar thacaíocht pobail áitiúil do dhídeanaithe. Ina theannta sin, rinneadh breithmheas ar gach ball foirne a oibríonn le IRPP ar an gceanglas maidir le hógairacht inscne i ndáil le hateangaireacht a chur in áirithe agus le hógairacht ar leith maidir le saincheisteanna amhail pósadh éigeantach agus foréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe.

Colún 4: Cur Chun Cinn

Chun clár oibre na mBan, na Síochána agus na Slándála a phríomhshruthú ar fud an bheartais eachtraigh agus i ngach réimse beartais ábhartha eile, tá gá le hardleibhéal múscailte feasachta, ar bhonn intíre i Ranna Rialtais agus sa tsochaí shibhialta agus go hidirnáisiúnta trí eagraíochtaí idirnáisiúnta iltaobhacha agus comhlachtaí réigiúnacha. Ba cheart go n-áireofaí leis an iarracht sin chun clár oibre MSS a chur chun cinn abhcóideacht, comhroinnt ceachta, cumarsáid agus béim a leagan ar chomhthéacsanna fócais chun obair atá á déanamh sa spás seo a léiriú. Mar chéad chéim i dtreo ardú céime, sheol an tAire Simon Coveney an tríú PGN i Rúnaíocht na hÉireann, Béal Feirste, i mí Dheireadh Fómhair 2019, agus ar an gcaoi sin chuir sé ceann de na gníomhartha faoin gColún seo i láthair. Sheol an tAmbasadóir Geraldine Byrne-Nason an Plean freisin ag ócáid MSS i mBuan-Mhisean na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Maidir le MSS a chur chun cinn trí shruthanna oibre, comhtháthaíonn RGE gné an chomhionannais inscne i ngach gné dá chuid oibre, lena n-áirítear i mbeartais, rúin, cinntí agus ionstraim atá ábhartha don tsíocháin agus don tslándáil ar fud an Aontais Eorpaigh, na Náisiúin Aontaithe, OSCE, ECFE agus fóraim eile idirnáisiúnta. Ar leibhéal na Náisiúin Aontaithe, d'éirigh le hÉirinn cathaoirleacht a dhéanamh ar an gCoimisiún um Stádas na mBan (CSW) don 62ú agus 63ú seisiún in 2018 agus in 2019, rud a chinntigh go ndearna comhaltaí an Choimisiúin doiciméad toraidh iomlán CSW a chaibidliú ar bhonn comhthola ar fud 193 Ballstát na Náisiúin Aontaithe agus a ghlac comhaltaí an Choimisiúin ar aon dul leis. Le linn an dá sheachtain den Choimisiún, d'óstáil Éire imeachtaí ar an taobh maidir le hoideachas le linn éigeandálaí; maidir le mná, síocháin agus slándáil; maidir le foréigean inscne i gcomhthéacsanna daonnúla; agus maidir le buiséadú inscne le comhpháirtithe éagsúla.

Cé nár seoladh aon mhisin nua de chuid Chomhbheartas Slándála agus Cosanta Sibhialtach an Aontais Eorpaigh (CBSC) le linn na tréimhse tuairiscithe don doiciméad seo, d'oibrigh Éire go dearfach ar shaincheisteanna inscne i bpléití ar leibhéal na ngrúpaí oibre. Tacóidh RGE le tagairt don chomhionannas inscne a chur san áireamh i gconclúidí chomhairle Shibhialtach CBSC i mí na Nollag 2020.

Tionscnaimh roinnte ceachta sa Cholóim

Áirítear le tacaíocht na hÉireann do phróiseas síochána na Colóime, a cuireadh chun feidhme tríd an Ambasáid i mBogotá, Ciste Iontaobhais an AE agus Ciste Iontaobhais Ilpháirtí na Náisiún Aontaithe (UNMPTF), cur chuige trasghearrtha inscne. Déanann gach gníomhaíocht a mhaoinítear fócas inscne a anailísiú agus a chur chun feidhme tar éis mholtaí na Náisiún Aontaithe agus cur chun feidhme éifeachtach straitéis MSS a chur chun cinn. Cuireann an Ambasáid comhaontuithe síochána na Colómach chun cinn freisin mar shampla den dea-chleachtas ó thaobh cúinsí inscne a ionchorprú i gcaibidlíocht síochána.

Bhí sé mar aidhm ag an gCur Chuige Inscne i dtionscadal na Seirbhíse Póilíneachta, arna mhaoiniú trí UNMPTF na Colóime, cur chuige inscne a neartú i bPóilíní Tuaithe agus freagairt agus cosc cineálacha éagsúla foréigean ar bhonn inscne a fheabhsú i 7 mbardas ar thug rialtas na Colóime tosaíocht dóibh, rud a chuir le síocháin sheasmhach bhuan a thógáil. Cuireadh oiliúint ar 437 póilín i gcur chuige inscne, agus bhain 372 acu sin céim amach. Cuireadh oiliúint ar 401 póilín i bhforéigean ar bhonn inscne, agus bhain 319 acu sin céim amach. Rinneadh 14 cheardlann leis an bpobal mar chomóradh ar an Lá Idirnáisiúnta um Dhíothú Foréigin in aghaidh na mBan agus Lá na mBan Tuaithe.

Reachtáladh Comhairliúchán MSS chun spás a chur ar fáil le haghaidh comhrá maidir le dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh sa Cholóim, san Afraic Theas, i dTuaisceart Éireann agus in Uganda i réimse na síochána inbhuanaithe, laistigh de chreat chur chun feidhme éifeachtach UNSCR 1325 a chur chun cinn. D'óstáil Ambasáid na hÉireann agus Mná na Náisiún Aontaithe an seisiún, agus ghlac 17 n-eagraíocht éagsúla a bhí ag obair ar ábhair inscne sa Cholóim páirt ann. Spreag an ócáid an t-idirphlé maidir le mná a chur san áireamh sa phróiseas síochána sa Cholóim.

Seoladh tionscadal ICMPS dar teideal *The role of women in the Nature Tourism Program in the Nima Corridor to consolidate the peace in Colombia*. Bhí sé mar aidhm aige cumais a ghiniúint do mhná ó eagraíochtaí pobail agus ón óige sa Nima Corridor chun páirt a ghlacadh i gcur i gcrích luathghníomhaíochtaí chun an Clár Turasoireachta Dúlra a chur chun feidhme sa chríoch seo d'fhonn an tsíocháin a chomhdhlúthú agus roghanna eile a

chur ar fáil. Le linn an chéad ráithe de 2020, chomhlíon an tionscadal a spriocanna go hiomlán.



Leanaí ó San José del Guaviare ag léiriú ceol Joropo Llanero i dTeach Uíbh Eachach. Déanann a gceol an tAthmhuintearas & an tSíocháin a chothú agus a thógáil i measc leanaí agus ógánach ar fhág an foréigean a lorg orthu.

Grianghraf: Phil Behan/RGE

Is téama lárnach é MSS d'Ambasáid na hÉireann in Uachtaránacht Mheicsiceo ar an gCruinniú Comhchomhar Idirnáisiúnta maidir le Comhionannas Inscne i Meicsiceo (2019-2020). Áiríodh leis sin comhroinnt ceachtanna ardleibhéal maidir le Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta MSS a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Tuarascáil bheartais dhomhanda IRC a foilsíodh le déanaí, *What Happened? How the Humanitarian Response to COVID-19 Failed to Protect Women and Girls*, tá guth 852 bean ó shuíomhanna dídeanaithe, easáitithe agus iarchoinbhleachta ar fud na hAfraice tar éis cur le ceistneoir caighdeánach iniúchóireachta sábháilteachta. Ar an mbealach seo, bhí IRC in ann fianaise a roinnt leis an bpobal daonnúil ar an gcaoi a ndeachaigh COVID-19 i bhfeidhm ar shaol na mban agus na gcaoilíní.

Go hintíre, sheol an tAire Coveney Grúpa Comhairliúcháin Thuaisceart Éireann um MSS, a d'eagraigh Rúnaíocht na hÉireann, i mí Dheireadh Fómhair 2019. Leagadh amach réimsí

téamacha le plé i gcruinnithe amach anseo agus bunaíodh an t-amlíne agus an plean oibre; ar an drochuair, mar gheall ar shrianta COVID-19 níor tionóladh aon chruinnithe ná imeachtaí go fóill.

Tacaíonn Éire go seasta le Clár Oibre MSS a chur chun cinn le linn a rannpháirtíochta leanúnaí i bpríomhghrúpaí oibre maidir le Slándáil Idirnáisiúnta agus Cosaint. Tá Beartas MSS ECAT/Chomhairle Comhpháirtíochta Eora-Atlantach (EAPC)⁹ á threorú ag Óglaigh na hÉireann agus clár oibre MSS á chur i bhfeidhm aige, a chuirtear in iúl i ndoiciméad bheartais um chur chun feidhme ÓÉ. Freastalaíonn ÓÉ freisin ar Chomhdháil bhliantúil ECAT ar Ghnéithe na hInscne (NCGP); cuireadh NCGP 2020 ar athló, áfach, mar gheall ar COVID-19. Tháinig Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann chun bheith ina bhall d'Fheidhmeannas Líonra na gCeann Cosanta (CHOD) MSS in 2020. Is é cuspóir Líonra CHOD MSS na Seaimpíní Sinsearacha Inscne Míleata aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme UNSCR 1325, trína chumasú do cheannairí míleata sinsearacha athrú cultúrtha agus institiúideach claochlaitheach a bhrú chun cinn laistigh dá bhfórsaí armtha féin.

Cumarsáid CRU maidir le MSS

Ag teacht leis an ngealltanas sa Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta de chuid na hÉireann maidir le Síocháin agus Slándáil na mBan, d'oibrigh an tAonad um Réiteach Coinbhleachtaí (CRU) sa Roinn Gnóthaí Eachtracha chun plean cumarsáide a fhorbairt chun clár oibre na mBan, na Síochána agus na Slándála a chur chun cinn sna meáin Éireannacha agus ar líne, agus trí imeachtaí for-rochtana in Éirinn.

Cruthaíodh cuntas twitter, @DFAPeaceSupport, i mí Dheireadh Fómhair 2019, chun clár oibre MSS a chur chun cinn. Fíoraíodh an cuntas Twitter freisin agus fuair sé an “tic gorm” a bhfuil an-tóir air.

Tá an t-ábhar a roinntear ar an gcuntas éagsúil. Le linn 20ú comóradh Dheireadh Fómhair an Chláir Oibre, d’inis Toscaire Óige na Náisiún Aontaithe as Béal Feirste do bhreis agus 2,300 lucht féachana cad a bhí i gceist le MSS di féin. I mí Dheireadh Fómhair freisin rinneadh comhordú ar fhoilseacháin ar fud misean agus aonad chun cur chuige trasghearrtha agus uile-rialtais i leith an Chláir Oibre a léiriú chomh maith le foilsiú físeáin

⁹ https://www.nato.int/nato_static_fl2014/assets/pdf/pdf_2018_09/180920-WPS-Action-Plan-2018.pdf

a aistríodh go Fraincis, Iodáilis agus Spáinnis ina mínítear tiomantas na hÉireann do chlár oibre Síochána agus Slándála na mBan a chur ar aghaidh chuig breis agus 1,400 lucht féachana.

Trí theagmháil leanúnach ar líne le misin RGE ar fud an domhain, le comhpháirtithe agus le comhghleacaithe, agus le hábhar amhairc ar nós cártaí grafacha, grafaicí eolais, ailt nuachtáin agus físeáin, creidtear gur féidir ceist chlár oibre MSS a thabhairt níos gaire don phobal, don tsochaí shibhialta agus don saol acadúil araon. Chuige sin, tiomsaíonn an tAonad um Réiteach Coinbhleachtaí nuachtlitir go tréimhsiúil freisin, dar teideal “Cur chuige na hÉireann i leith an Chláir Oibre do Mhná, don tSíocháin agus don tSlándáil” chun na hiarrachtaí tras-rannacha atá tiomnaithe don Chlár Oibre a chur chun cinn ar bhealach inrochtana tarraingteach, agus acmhainní ábhartha agus cuirí chuig imeachtaí á roinnt ag an am céanna. Cinntíonn an tAonad freisin go bhfuil leathanach gréasáin RGE atá tiomnaithe d'obair na Roinne ar UNSCR 1325¹⁰ cothrom le dáta agus go dtugann sé ábhar tráthúil agus ardchaighdeáin. Tá nuachtlitreacha ar fáil don phobal le híoslódáil ón leathanach gréasáin seo, chomh maith leis an obair thaighde go léir a chomhordaíonn an tAonad amhail an tuarascáil chomhpháirteach is déanaí uainn le Mná na Náisiún Aontaithe agus Líonra Domhanda Tógálaithe Síochána na mBan, “Building Peace from the Grassroots: Learning from Women Peacebuilders to Advance the WPS Agenda”¹¹, a coimisiúnaíodh le haghaidh chomóradh 20 bliain UNSCR 1325. Cuirfidh na hiarrachtaí comhcheangailte seo chun feasacht ar ár gcuid oibre agus pleanáil fheabhsaithe cumarsáide freisin le trédhearcacht le hobair RGE, rud a chuirfidh a bhfuil bainte amach chun cinn agus lena bhfeabhsófar cuntasacht.

4. COVID-19

Braitheadh tionchar phaindéim COVID-19 in 2020 ar fud an domhain, agus tá tionchar forleathan ag na bearta sriantacha a tugadh isteach chun scaipeadh an víris a laghdú. I dtuarascáil an Ardrúnaí 2019 chuig an gComhairle Slándála maidir le MSS, leagadh amach sé réimse tosaíochta nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun clár oibre MSS a chur chun cinn

¹⁰ <https://www.dfa.ie/our-role-policies/international-priorities/peace-and-security/women-peace-and-security/>

¹¹ <https://www.dfa.ie/media/dfa/ourrolepolicies/peaceandsecurity/Building-peace-from-the-grassroots-Oct-2020.pdf>

fiche bliain ar aghaidh ó ghlacadh UNSCR 1325. Áirítear leis na réimsí sin cuntasacht; rannpháirtíocht fhiúntach na mban; sárúithe ar chearta an duine a cháineadh; líon méadaithe pearsanra éide ban; slándáil eacnamaíoch na mban; agus maoiniú méadaithe do MSS. Léiríonn measúnuithe tosaigh dúshláin mhéadaithe sna réimsí sin mar gheall ar thionchar na paidéime ar shochaithe ar fud an domhain, go háirithe i réigiúin leochaileacha coinbhleachta nó iarchoinbhleachta.

Tá clár oibre MSS á thiomáint ar leibhéal an phobail agus tá an tsochaí sibhialta agus mná a bhíonn i mbun chothú na síochána ina bpríomhghníomhaithe in aon dul chun cinn a rinneadh le scór bliain anuas. Is iad na gníomhaithe sin freisin iad siúd atá sa líne thosaigh i bhfreagairt dhomhanda COVID-19. Leis an bpaidéim, tá dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh cheana ann, amhail dúnadh spásanna na sochaí sibhialta agus atreorú na hairde agus na n-acmhainní ríthábhachtacha ar shiúl ó MSS agus cothú na síochána i dtreo freagairt don ghéarchéim.

Mar fhreagra air sin, thug Éire, i gcomhar le Mná na Náisiún Aontaithe agus Lónra Domhanda Tógálaithe Síochána na mBan (GNWP), tógálaithe síochána mná ó chúlraí agus ó chomhthéacsanna éagsúla sa Cholóim, i dTuaisceart Éireann, san Afraic Theas agus in Uganda le chéile chun clár oibre MSS a mheas in 2020, agus tionchar COVID-19 ar a gcuid oibre. I measc na gcomhairliúcháin sin a reáchtáladh le cúnamh ónár nAmbasáidí i mBéal Feirste, i mBogotá, in Kampala agus in Pretoria, bhí mná a raibh taithí acu ar thógálaithe síochána agus dhírigh siad ar na sé réimse tosaíochta a d'aithin Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe.



*Comhairliúcháin na hAfraice Theas
Griangraf: GNWP/Flow Communications South Africa*

Seoladh tuarascáil¹² ar na comhairliúcháin seo, *Building Peace from the Grassroots: Learning from Women Peacebuilders to Advance the WPS Agenda*, ag ócáid ardleibhéil a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2020. Cainteoirí lena n-áirítear Mary Robinson, Cathaoirleach na Seanóirí agus iar-Uachtarán na hÉireann agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine; Phumzile Mlambo-Ngcuka, Stiúrthóir Feidhmiúcháin na mBan de chuid na Náisiún Aontaithe; agus Mavic Cabrera Balleza, Príomhfheidhmeannach GNWP; chomh maith le roinnt ban den chosmhuintir a bhíonn i mbun chothú na síochána ó na ceithre thír fócais. Tugadh aghaidh sa chur is cúiteamh ar na rioscaí méadaithe atá roimh mná a bhíonn i mbun chothú na síochána i measc na cosmhuintire maidir le clár oibre MSS a chur chun cinn i gcomhthéacs COVID-19 – lena n-áirítear díriú d'aon ghnó ar chosantóirí chearta an duine na mban, ag laghdú spásanna na sochaí sibhialta agus leibhéil mhéadaithe foréigin ar bhonn inscne - agus an t-ualach méadaithe cúraim a chuirtear ar mhná ar fud an domhain anois.

Leagtar béim sa tuarascáil agus san imeacht freisin ar cé mhéad comhlacht sochaí sibhialta agus abhcóideachta a d'ardaigh dúshlán COVID-19 agus d'oibrigh siad go samhlaíoch agus go héifeachtach i rith 2020 chun leanúint de thorthaí a bhaint amach ar an talamh in ainneoin na srianta atá orthu, lena n-áirítear trí úsáid mhéadaithe a bhaint as ardáin chumarsáide ar líne agus dhigiteacha.

Ciste Síochána agus Daonnúil na Náisiún Aontaithe do Mhná (WPHF)

Is sásra maoinithe comhthiomsaithe é an WPHF a thacaíonn le heagraíochtaí áitiúla ban atá ag obair ar an tsíocháin agus ar an tslándáil agus ar an bhfreagairt dhaonnúil. Seoladh WPHF in 2016 agus tá breis agus 200 tionscadal maoinithe aige i 25 tír ó shin i leith, ag cur maoiniú tapa agus solúbtha ar fáil do thionscnaimh áitiúla arb é is aidhm dóibh coinbhleacht a chosc agus a idirghabháil, rannpháirtíocht na mban i bhfreagairt coinbhleachta a neartú agus tacaíocht faoisimh agus téarnaimh a sholáthar do na pobail. Thacaigh Éire le bunú WPHF agus bhí sí ina deontóir agus tacadóir comhsheasmhach don Chiste ó 2016 i leith.

I bhfianaise phaindéim COVID-19 atá ag dul i méid agus na tionchair dhoiciméadaithe a bhíonn aige ar mhná agus ar chailíní, go háirithe i suíomhanna géarchéime, rinne WPHF suirbhé chomh luath le Márta 2020 lena dheontaithe ar fud 4 mhór-roinn chun tuiscint

¹² <https://www.dfa.ie/media/dfa/ourrolepolicies/peaceandsecurity/Building-peace-from-the-grassroots-Oct-2020.pdf>

níos fearr a fháil ar an gcaoi a raibh tionchar ag COVID-19 ar a gcuid oibre agus ar a n-eagraíochtaí agus chun bealaí nua a aithint chun tacú leo. Bhraith beagnach 30% de na freagróirí go raibh a n-eagraíocht i mbaol mar gheall ar thionchair COVID-19, agus ba mhínic cistí á n-atreorú chuig Rialtais nó chuig eagraíochtaí móra eile, agus inscne á tarraingt siar go mór san ord tosaíochta. Ag an am céanna, bhraith tromlach mór na bhfreagróirí go raibh dóigh maith orthu chun freagairt do COVID-19 agus dá ghnéithe inscne.

Mar fhreagairt air sin, sheol WPHF Fuinneog Freagartha Éigeandála nua COVID-19 i mí Aibreáin 2020, a ceapadh chun tacú le heagraíochtaí atá faoi stiúir na mban agus cearta na mban i suíomhanna géarchéime chun COVID-19 a chosc agus chun freagairt dá thionchair inscne (maoiniú cláir), ach freisin chun maoiniú institiúideach a chur ar fáil d'eagraíochtaí atá ag obair ar mhná, ar an tsíocháin agus ar an tslándáil chun cabhrú leo iad féin a chothú le linn na géarchéime.

Go dtí seo, thacaigh an t-ionú maoinithe le 43 tionscadal a raibh 65 eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta rannpháirteach in 18 tír, trí mhaoiniú institiúideach agus cláir araon. Tá bearna mhaoinithe na fuinneoige seo go dtí seo fós ag \$31.6m USD, rud a léiríonn cé chomh suntasach is atá na riachtanais atá fós ann d'eagraíochtaí ban atá ag freagairt do COVID i gcomhthéacsanna géarchéime.

Sa Libéir, tá WPHF ag tacú le 'Association of Female Lawyers of Liberia' le maoiniú institiúideach díreach faoi \$30,000 USD. Oibríonn an eagraíocht ar thacaíocht pro bono a chur ar fáil do mhná dúchasacha agus do leanaí a tháinig slán ó Fhoréigean Gnéis agus Inscne trí dhá chlinic dlí satailíte sa Libéir. Tá maoiniú WPHF ag cabhrú leis an eagraíocht luach saothair a chothú don fhoireann, cíosanna spáis oifige agus trealamh chomh maith le costais nua chumarsáide a chlúdach go háirithe ar an nguthán agus ar an idirlíon chun freastal ar a bpobail. Cabhróidh sé seo leis an eagraíocht a cuid oibríochtaí a chothú agus tacaíocht ar líne a chur ar fáil chun rochtain na mban ar an gceartas a chinntiú le linn ghéarchéim COVID-19.

Sa Phalaistín, tá WPHF ag tacú leis an eagraíocht 'the Culture and Free Thought Association (CFTA)' trí mhaoiniú cláir díreach faoi bhun \$200,000 USD. Tá an eagraíocht ag tógáil na n-acmhainní agus ag cur tacaíocht airgeadais ar fáil do 10 nEagraíocht

Phobalbhunaithe éagsúla, faoi stiúir na mban nó ag díriú ar mhná ar fud Stráice Gaza, chun an ghéarchéim reatha a shárú, rud atá ag cur baol mór orthu dúnadh síos. Cuireann an tionscadal tacaíocht airgeadais ar fáil freisin do theaghlaigh ina bhfuil mná i gceannas orthu atá i mbaol a ngnólachtaí beaga a chailliúint mar gheall ar ghéarchéim eacnamaíoch a bhaineann le COVID-19. Ina theannta sin, tá pacáiste iomlán seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe á chur ar fáil ag an tionscadal do mhná agus do chailíní, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, lena n-áirítear pleanáil teaghlaigh, cúram iarbhreithe agus cúram breithe. Mar fhocal scoir, tá sé beartaithe ag an eagraíocht freisin oibriú le fir agus le buachaillí maidir le cosc a chur ar fhoréigean ar bhonn inscne trí chomhphlé, Ceisteanna agus Freagraí a eagrú agus cláir raidió a chraoladh ar noirm shóisialta, ról inscne agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, méadaithe ag an bpaindéim.



Sa Libéir, tá an WPHF ag maoiniú obair Thacaíocht a Thabhairt don Tionscnamh Saoránach um Fhorbairt san Afric (SCIDA) ar thionscadal chun rannpháirtíocht na mban agus na gcaoilíní as an Libéir i bpróisis chinnteoireachta a thugann aghaidh ar COVID-19 ar leibhéal an phobail a neartú. Tá SCIDA i gceannas ar cheardlanna do bhreis agus 100 bean tuaithe & cailíní maidir le COVID-19 agus straitéisí riosca agus coiscthe Foréigean Gnéis agus Inscne.

Grianghraf: SCIDA

5. Tíortha Fócais

Mar chuid d'fhócas idirnáisiúnta PGN, tá roinnt príomh-mhisin Pointe Fócais ag tabhairt faoi obair sa spás MSS.

Deisceart na hAfraice

An Afraic Theas

Bhí an foréigean ar bhonn inscne ag tarlú go forleathan san Afraic Theas cheana féin ach tá sé níos measca anois de bharr phaindéim COVID-19, agus an tUachtarán Ramaphosa ag cur síos ar fhoréigean ar bhonn inscne mar “dhara paindéim” a chuaigh i bhfeidhm ar an tír in 2020. Is iad na mná is mó a bhí siar leis an gcúlú tar éis COVID-19, rud a d'fhág go raibh siad níos leochailí ó thaobh na heacnamaíochta de. Thacaigh Ambasáid Pretoria le Plean Straitéiseach Náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun foréigean ar bhonn inscne agus dúnmharú mná a chomhrac san Afraic Theas, agus lean comhpháirtithe na sochaí sibhialta in Éirinn ag cur seirbhísí ríthábhachtacha ar fáil do dhaoine a tháinig slán ó fhoréigean teaghlaigh agus gnéasach ar feadh na paindéime, chomh maith le tacú le fiontraithe ban a slite beatha a chothú.

D'oibrigh Éire agus an Afraic Theas le chéile freisin chun Clár Oibre MSS a chur chun cinn. Thacaigh Roinn Caidreamh Idirnáisiúnta agus Comhoibrithe na hAfraice Theas le comhairliúchán Ambasáid Pretoria le mná ag cothú na síochána, mar chuid de phróiseas il-tíre as ar eascair foilsíú na tuarascála “Building Peace from the Grassroots,” dar tagraíodh roimhe seo.

An tSiombáib

Sa tSiombáib, áit a bhfuil UNSCR 1325 fós le síniú agus le daingniú agus i gcás nach bhfuil ach 25% de sheirbhísigh phoiblí ina mná, tá an Ambasáid san Afraic Theas, atá creidiúnaithe don tSiombáib, tar éis díriú go mór ar ról na mban sa pholaitíocht agus sa tsochaí a fheabhsú. In 2020, sheol an Ambasáid dhá thionscnamh nua, tionscnamh amháin chun tacú le ceannaireacht na mban ar leibhéal náisiúnta agus an dara ceann chun líonraí d'eagraíochtaí ban níos lú a neartú. Sa chéad tionscnamh, le Mná na Náisiún Aontaithe, seoladh agus bunaíodh caibidil sa tSiombáib de Líonra Ceannairí Ban na hAfraice. Tá dul chun cinn maith déanta ag an Líonra maidir lena bhaint amach a leathnú, in ainneoin

shrianta COVID-19. Úsáideann an dara tionscnamh, a oibríonn trí líonra seanbhunaithe na sochaí sibhialta, na meáin, ardáin fhíorúla agus, nuair is féidir, cruinnithe fisiciúla, chun mná a thabhairt le chéile chun líonrú go héifeachtach agus chun rannpháirtíocht i gcinnteoireacht a spreagadh ar gach leibhéal.

Is iad triomach agus leochaileacht pholaitiúil agus eacnamaíoch araon, ar saintréithe iad de ghéarchéim dhaonnúil shrathaithe na Siombáibe, agus iad go léir níos déine mar gheall ar shrianta COVID-19. Tacaíonn an Ambasáid le clár cosanta inscne trí Chiste na NA ar mhaithe leis an bPobal (UNFPA) chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí bunúsacha do mharthanóirí foréigin ar bhonn inscne, rud atá méadaithe go mór ó tugadh isteach an dianghlasáil chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh COVID-19.

An Afraic Thiar

An Libéir

Sa Libéir, is fadhb shuntasach fhorleathan é Foréigean Gnéasach agus Inscne (SGBV), agus tháinig méadú ar theagmhais agus cásanna tuairiscithe i bpaindéim COVID-19, mar a tharla i go leor tíortha eile. Mar thoradh air sin, dhearbhaigh Uachtarán Phoblacht na Libéire le déanaí gur éigeandáil náisiúnta is ea éigniú agus mhol sé ‘Plean Frith-SGBV’ a sheoladh chun dul i ngleic leis. Thacaigh an Ambasáid roimhe seo le comhchlár smachta reachta, a chuir UNDP chun feidhme, inar institiúidíodh ionchúiseamh speisialaithe ar chásanna SGBV. Tá an Libéir ar cheann de naoi dtír roghnaithe san Afraic don Tionscnamh Spotsolais idir an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe, arb é is aidhm dó deireadh a chur le foréigean gnéasach agus inscne, agus tá an Ambasáid rannpháirteach go gníomhach ar an gCoiste Stiúrtha a dhéanann maoirseacht ar a chur chun feidhme. Tá clár ceithre bliana maidir le cosc an fhoréigin ar bhonn inscne agus freagairt faoi stiúir an phobail á chur chun feidhme le cuibhreannas sochaí sibhialta. Cuireann an Ambasáid tacaíocht ar fáil freisin d’Oifig Síochánaíochta na Náisiún Aontaithe chun rannpháirtíocht pholaitiúil a neartú, agus béim ar leith á leagan ar rannpháirtíocht na mban sa saol sibhialta agus polaitiúil. Tacaíonn clár eile le timpeallacht chumasúcháin do Chosantóirí Chearta an Duine na mBan agus do Chosantóirí Chearta LADTACI sa Libéir, trí chuibhreannas sochaí sibhialta. Déanaimid clár ilbhliantúil de chuid an Aontais Eorpaigh a chómhaoiniú freisin lena gcomhthiomsaítear cumas na sochaí sibhialta maidir le habhcóideacht, cumarsáid, feasacht inscne, idirphlé beartais, athchóirithe san earnáil phoiblí agus cuntasacht phoiblí.



*Tagann muintir sráidbhaile atá gar do Boegessay i gcontae Rivercess le chéile chun leithreas poill níos fearr a thógáil le tacaíocht na hÉireann trí Oxfam International
Grianghraf: RGE*

Chomh maith leis an gclársceidealú thuas, tá an Ambasáid ag gabháil d'abhcóideacht pholaitiúil leis an rialtas, leis an tsochaí shibhialta agus leis an bpobal idirnáisiúnta chun tacú le foréigean gnéasach agus inscne (SGBV) a chosc agus freagairt dó, agus le saincheistanna níos leithne MSS. Chomhoibrigh Éire le Rialtas na Libéire, tríd an Aireacht Inscne, maidir le dréachtú a dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta agus suíonn sí ar an gCoiste Stiúrtha lena chur chun feidhme. Bhí ionadaithe ó shochaí shibhialta na Libéire páirteach sa phróiseas comhairliúcháin don tríú PGN in Éirinn freisin, ag tógáil ar chleachtaí comhroinnte ceachta níos túisce. Tacaíonn an Ambasáid tuilleadh le hiarrachtaí chun próifíl chlár oibre MSS na Libéire a mhéadú ar an ardán idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht an Aire Inscne a éascú ag imeachtaí iltaobhacha i gcomhthéacs Sheachtain MSS na Náisiún Aontaithe agus an Choimisiúin um Stádas na mBan, agus trí MSS agus saincheistanna inscne a ardú go rialta ag Cumraíocht na Libéire ar Choimisiún Síochánaíochta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac. Sa bhliain amach romhainn, tá súil ag an Ambasáid leanúint le cumas sa réimse seo a neartú, lena n-áirítear trí oiliúint a chur ar choimeádaithe síochána ban na Libéire in Éirinn agus trí scoláireachtaí a thairiscint do mhic léinn na Libéire ar spéis leo a gcuid eolais ar chúrsaí MSS a fhorbairt.

Siarra Leon

Bhí baint ag an Misean trí abhcóideacht, rannpháirtíocht beartais agus trí thacú le hidirghabhálacha comhpháirtithe cur chun feidhme i bhforbairt agus i gcur chun feidhme an chéad agus an dara PGN ar UNSCR 1325 agus UNSCR 1820 (a bhaineann le húsáid an fhoréigin ghnéasaigh mar arm cogaidh). Tá deireadh le SGBV agus toircheas ógánach lárnach dá chuid oibre inscne.

Bhí ról ceannasach ag an Misean maidir le hinscne a chomhtháthú i bhfreagairt an Rialtais ar COVID-19. Thacaigh sé leis an Aireacht Inscne agus Gnóthaí Leanáí (MoGCA) a gCreat COVID-19 atá Freagrúil ó thaobh Inscne de a chur chun feidhme trí bheirt Saineolaithe Inscne a dhaingniú sa struchtúr ceannais freagartha ar an leibhéal náisiúnta agus cúigear Saineolaithe Inscne ar leibhéal na gceantar. I gcomhpháirtíocht le Mná na Náisiún Aontaithe, thacaigh sí freisin leis an Oifig Staidrimh Náisiúnta chun measúnú mear inscne a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar mhná. Agus COVID-19 á aithint mar shaincheist MSS, thacaigh an Misean trí Mhná na Náisiún Aontaithe le hoiliúint a chur ar Ambasadóirí Síochána Ban Phobal den Mano River Union Peace Network (MARWOPNET), eagraíocht réigiúnach ban, maidir le comhionannas inscne agus cosaint a fheabhsú i bhfreagairt COVID-19 i 20 pobal trasteorann taoiseachta.



*Oiliúint MARWOPNET ar ambasadóirí síochána in Freetown
Griangraif: RGE*

Tá an misean ina chomhchathaoirleach le Mná na Náisiún Aontaithe de Ghrúpa Chomhpháirtí Forbartha um Chomhionannas Inscne (le hionadaithe ón AE, ón Roinn

Forbartha Idirnáisiúnta (RA), ó Mhná na Náisiún Aontaithe, ó Chiste na NA ar mhaithe leis an bPobal (UNFPA), ó UNICEF, ó Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP), ón mBanc Domhanda, ón mBanc Forbartha Afracach (AfDB) agus ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)). Ó tharla ráig COVID-19 i leith, thacaigh an Grúpa le MoGCA chun treoirínite náisiúnta maidir le comhionannas inscne a fhorbairt laistigh de fhreagairt agus treoirínite náisiúnta COVID-19 a dhíríonn go sonrach ar na colúin náisiúnta sláinte agus freagartha eacnamaíche.

Leanann an Misean ar aghaidh ag tacú le seirbhísí do mharthanóirí SGBV. In 2020, thacaigh sé le MoGCA cúig 'Ionad Ilfhreastail' agus dola náisiúnta saor SGBV a bhunú #116 beolíne. Cuireann sé seo leis na seirbhísí a sholáthraíonn Rainbo Initiative, comhpháirtí seanbhunaithe a bhí, le 12 bhliain anuas, ar an bpríomhsholáthraí seirbhísí sláinte agus síceolaíochta saor in aisce do dhaoine a tháinig slán ó SGBV.

Tá tionscadal á chur chun feidhme ag an Misean faoi láthair 'More than a Woman: Strengthening Women's Participation in Politics and Governance' a bhfuil sé mar aidhm aige guth, eolas agus cuntasacht chomhchoiteann na mban sa rialachas agus sa pholaitíocht a neartú ar leibhéal dúiche agus réigiúnach. Tá an tAmbasadóir ar thús cadhnaíochta freisin i dtionscnamh lena dtugtar le chéile líonra ceannairí agus gníomhaithe na mban go héifeachtach, ag cur béime ar ról ríthábhachtach eagraíocht chearta na mban agus gluaiseachtaí i rannpháirtíocht fhiúntach ar gach leibhéal cinnteoireachta i Siarra Leon.

An tAontas Afracach

Chuir Ambasáid na hÉireann in Addis Ababa maoiniú ar fáil do Mhná na Náisiún Aontaithe, i gcomhar le hOifig an Aontais Afracaigh den Toscaire Speisialta maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil, chun cruinniú comhairliúcháin a thionól in Dakar, sa tSeineagáil, i mBallstáit an AA agus i gComhphobail Eacnamaíochta Réigiúnacha a bhfuil Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta MSS acu, chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme Chlár Oibre MSS. Chuir an Ambasáid in Addis Ababa maoiniú ar fáil freisin chun físeán agus na hábhair chur chun cinn a tháirgeadh a bheidh le húsáid ag Ballstáit an Aontais Afracaigh agus ag oifigí na Náisiún Aontaithe um Mhná na hAfraice chun comóradh a dhéanamh ar cúig bliana is fiche de Cheathrú Chomhdháil Dhomhanda na mBan agus glacadh le Dearbhú agus Ardán Gníomhaíochta Bhéising.

Chinntigh an Ambasáid in Addis Ababa, ag obair le UNHCR, rannpháirtíocht fhiúntach na mban dídeanaithe agus easáitithe ag sraith cruinnithe ardleibhéil i rith 2019, a rinne an tAontas Afracach a líniú mar ‘The Year of Refugees, Returnees and Internally Displaced Persons: Towards Durable Solutions to Forced Displacement in Africa’.

An Meánoirthear

An Phalaistín

Tá inscne fós ina thosaíocht ag go leor de na heagraíochtaí a dtacaíonn Éire leo sa Phalaistín. Gealltar i gCreat Forbartha na hÉireann don Phalaistín go ndéanfar comhionannas inscne a chomhtháthú níos fearr sa chlár um fhorbairt agus um chúnamh daonnúil sa Phalaistín agus chun príomhshruthú córasach an chomhionannais inscne a chinntiú.

Leanann Éire de thacaíocht a thabhairt d'Údarás na Palaistíne maidir le tionscnaimh náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh na mban. In 2019, shínigh Éire comhaontú leis an Aireacht Gnóthaí Ban chun tacú le tionscadal maidir le cumas institiúideach a fhorbairt chun foréigean in aghaidh na mban a chomhrac trí thaighde ar a chostas eacnamaíoch.

Tacaíonn Éire le Ciste Daonnúil Chríoch na Palaistíne faoi Fhorghabháil, a mhaoinigh tionscadail a bhaineann le foréigean ar bhonn inscne a dhírigh ar bhreis agus 45,000 duine in 2019. I measc na ngníomhaíochtaí a bhaineann le foréigean ar bhonn inscne a chomhrac faoi na tionscadail sin bhí gníomhaíochtaí comhairleoireachta grúpa agus tacaíochta síceasóisialta; cúnamh dlíthiúil do mharthanóirí foréigin ar bhonn inscne; seirbhísí dídine a sholáthar d'íospartaigh an fhoréigin ar bhonn inscne; agus cumhachtú eacnamaíoch trí oiliúint speisialaithe agus cóitseáil ar an láthair oibre.

Tugann Éire tús áite do chearta na mban agus don chomhionannas inscne i ngach obair a dhéanann sí le heagraíochtaí na sochaí sibhialta (CSOanna). Tacaíonn Éire le CSOanna a dhíríonn ar rannpháirtíocht pholaitiúil na mban a chumhachtú agus cur chun feidhme UNSCR 1325 agus CEDAW a chur chun cinn ar gach leibhéal. Is réimse fócais eile iad mná a chosaint ar fhoréigean ar bhonn inscne agus a gchearta a chinntiú trí na córais dlí. Chuir eagraíocht chomhpháirtíochta na hÉireann um chearta an duine, Tionscnamh na Palaistíne um Chur Chun Cinn an Idirphlé Dhomhanda agus an Daonlathais (MIFTAH), oiliúint ar 50

bean trína Clár Tacaíochta do Thoghcháin. Reáchtáladh sraith ceardlann oiliúna thar 12 lá i ndúichí éagsúla chun tacú le rannpháirtíocht na mban i dtoghcháin reachtacha.

6. Cás-Staidéir – Cur Chun Feidhme Intíre Chlár Oibre MSS

Oibríocht Faoiseamh

Ag céimeanna tosaigh phaindéim COVID-19, d'aithin an Garda Síochána go raibh méadú ag teacht ar theagmhais mhí-úsáide baile, de réir treochtaí idirnáisiúnta. Bhí an-mheas ar thábhacht an Gharda Síochána ag obair go tapa agus go cinntitheach chun a chinntiú gur cuireadh tacaíocht agus cúnamh ar fáil d'íospartaigh na mí-úsáide sa teaghlach.

Mar fhreagairt réamhghníomhach réamhghabhálach, seoladh Oibríocht Faoiseamh ar fud na tíre an 1 Aibreán 2020. Ba é sprioc na hOibríochta tacaíocht, agus atá fós, tacaíocht agus suaimhneas réamhghníomhach a chur ar fáil d'íospartaigh na mí-úsáide sa teaghlach le linn phaindéim COVID-19. Bhí cur chun feidhme Oibríocht Faoiseamh bunaithe ar chur chuige ceithre cholún:

- i. feachtas sna meáin
- ii. gabhálacha a fhorghníomhú mar gheall ar sháruithe ar orduithe an Achta um Fhoréigean Baile, 2018
- iii. glaonna ar ais a dhéanamh maidir le mí-úsáid sa teaghlach
- iv. glaonna leantacha réamhghníomhacha ar gach íospartach mí-úsáide teaghlaigh ag Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'íospartaigh

i. Feachtas sna Meáin

Gníomhaíodh feachtas láidir sna meáin, le tacaíocht ó Phreasoifig an Gharda Síochána agus lena n-áirítear roinnt agallamh preasa, raidió agus teilifíse ón mbainistíocht shinsearach atá fostaithe i mBiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta, i gcomhthráth le seoladh Oibríocht Faoiseamh. Fuair an seoladh tacaíocht agus aiseolas dearfach ó eagraíochtaí neamhrialtasacha abhcóideachta. Dúirt Safe Ireland, i bpreasráiteas a eisíodh an 1 Aibreán 2020, “Ba thionscnamh é oibríocht réamhghníomhach an Gharda Síochána (Oibríocht Faoiseamh) ar chuireamar fáilte roimhe agus a thug suaimhneas intinne do

dhaoine, tionscnamh chun cabhrú agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh mí-úsáide sa teaghlach agus rialaithe comhéigní a thugann teachtaireacht shoiléir d'íospartaigh agus do mhí-úsáideoirí araon."

Thacaigh an feachtas meán 'Still Here' a sheol an Roinn Dlí agus Cirt leis an Oibríocht Faoiseamh an 10 Aibreán 2020. Áiríodh leis an bhfeachtas 'Still Here' fógraí raidió agus teilifíse inar tugadh aghaidh ar mhí-úsáid sa teaghlach agus a spreagann íospartaigh chun tacaíocht agus cúnamh a lorg.

ii. Orduithe an Achta um Fhoréigean Baile, 2018 a fhorghníomhú

Leagadh béim láidir ar an tábhacht a bhaineann le gabhálacha a chur i gcrích go pras mar gheall ar sháruithe ar orduithe an Achta um Fhoréigean Baile 2018 in ord oibriúcháin Oibríocht Faoiseamh. Rinne Cigire ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta, a bhfuil freagracht air as Mí-Úsáid sa Teaghlach, teagmháil phearsanta leis na Cigirí Rannáin ainmnithe faoi seach ar fud na tíre ar tugadh freagracht oibríochtúil dóibh as cur chun feidhme agus monatóireacht Oibríocht Faoiseamh. D'éascaigh an rannpháirtíocht seo deis chun dul i ngleic le haon éiginnteachtaí agus soiléireacht a sholáthar maidir le gnéithe den Oibríocht de réir mar is gá. Cuireadh béim arís freisin ar an tábhacht a bhaineann le gabhálacha a fhorghníomhú go pras i leith sáruithe ar orduithe le linn na n-idirghníomhaíochtaí sin.

Thairis sin, cuireadh feachtas feasachta inmheánach chun feidhme d'fhonn a chinntiú go raibh an t-eolas riachtanach ag baill imscrúdaithe ar na cumhachtaí ábhartha agus ar na próisis imscrúdaitheacha a bhaineann le himscrúduithe mí-úsáide teaghlaigh.

iii. Glaonna ar ais a dhéanamh maidir le mí-úsáid sa teaghlach

Ghlac Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta le cur chuige réamhghníomhach maidir le 'glaonna ar ais' chun teagmhais mhí-úsáide teaghlaigh a thuairisciú. Is éard a bhí i gceist leis an gcur chuige seo ná idirghníomhú le bainistíocht áitiúil an Gharda Síochána chun treoir agus comhairle a chur ar fáil chun rátaí comhlíontachta a fheabhsú, ag leibhéal na Rannóige, chun sprioc na heagraíochta a bhaint amach, chun rátaí comhlíontachta 'glaonna 7 lá' a fheabhsú.

Rinne Cigire atá ceangailte le hOifig Idirchaidrimh Íospartaigh an Gharda Síochána de Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta teagmháil dhíreach le bainisteoirí oibríochtúla áitiúla chun próisis rathúla a aithint i gCeantair Gharda atá ag baint amach leibhéal arda ‘glaonna ar ais’ do theagmhais mhí-úsáide teaghlaigh, agus réimsí ina bhféadfaí feabhsuithe a chur chun feidhme a aithint ag an am céanna. Leantar leis an rannpháirtíocht idir Oifig Idirchaidrimh an Gharda Síochána d’Íospartaigh ag Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta agus an bhainistíocht áitiúil ina leith sin.

iv. Glaonna leantacha réamhghníomhacha ar gach íospartach mí-úsáide teaghlaigh ag Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d’Íospartaigh

Mar chuid d’Oibríocht Faoiseamh, tionscnaíodh teagmháil ghutháin ó phearsanra Oifig Tacaíochta an Gharda Síochána d’Íospartaigh maidir le gach teagmhas a bhaineann le mí-úsáid teaghlaigh a tuairiscíodh ón 1 Eanáir 2020.

Aithníodh teagmhais ábhartha le cabhair ó Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána agus scaipeadh liosta mionsonraithe ar gach Rannán den Gharda Síochána.

